Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2023
(OR. en)

14723/23

LIMITE

EEE 38

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An 57ú cruinniú de Chomhairle an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (an Bhruiséil, an 20 Samhain 2023) |

1. Tá an 57ú cruinniú de Chomhairle an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) le bheith ar siúl sa Bhruiséil an 20 Samhain 2023. I gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Rialacha Nós Imeachta Chomhairle LEE, ba cheart do Chomhairle LEE clár oibre an 57ú cruinniú de Chomhairle LEE a ghlacadh ag tús an chruinnithe.

2. A mhéid a bhaineann leis na hábhair a phléifear ag cruinniú Chomhairle LEE an 20 Samhain 2023, beidh seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le Mír 5 (Díospóireacht bheartais: an tSlándáil Eacnamaíoch) ar chlár oibre Chomhairle LEE, bunaithe ar na gnéithe ábhartha a áirítear sna conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 29-30 Meitheamh 2023 (EUCO 7/23) agus an 26-27 Deireadh Fómhair 2023 (EUCO 14/23). In éagmais comhaontú maidir le dréachtchonclúidí atá le glacadh ag Comhairle LEE ag an 57ú cruinniú dá cuid, beidh seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le Mír 4 (Measúnú ar fheidhmiú foriomlán Chomhaontú LEE) bunaithe ar an Ráiteas Comhpháirteach ó Chomhaltaí Chomhairle LEE an 28 Bealtaine 2021 (8628/21), a mhéid atá na gnéithe a áirítear sa Ráiteas fós ábhartha i bhfianaise na bhforbairtí ón 28 Bealtaine 2021.

3. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Coreper/ar an gComhairle, dá bhrí sin, teacht ar chomhaontú go gcuirfear an clár oibre sealadach don chruinniú, mar a leagtar amach in 1604/23 é, (féach an Iarscríbhinn) faoi bhráid Chomhairle LEE lena ghlacadh, agus iarrtar orthu a thabhairt dá n-aire go mbeidh seasamh an Aontais bunaithe ar na heilimintí a leagtar amach sna míreanna roimhe seo.

PUBLIC

PUBLIC

EUROPEAN ECONOMIC AREA
Council of the EEA

Brussels[…]
(OR. en)

EEE 1604/23

**PROVISIONAL AGENDA**

| | |
|---|---|
| Subject: | 57th Meeting of the EEA Council<br>Brussels, 20 November 2023 |
| Date: | 20 November 2023 |
| Venue: | Brussels |

1. Glacadh an Chláir Oibre Shealadaigh (1604/23)

**Na míreanna atá le glacadh gan iad a phlé roimh ré**

2. Miontuairiscí ón 56ú cruinniú de Chomhairle LEE a bhí ar siúl sa Bhruiséil an 24 Bealtaine 2023 (1605/23)

3. Tuarascáil ar dhul chun cinn ó Chomhchoiste LEE (1606/23)

**Míreanna le haghaidh plé**

4. Measúnú ar fheidhmiú foriomlán Chomhaontú LEE

5. Díospóireacht bheartais: An tSlándáil Eacnamaíoch.

**Mír le haghaidh plé a d'fhéadfadh a bheith ann**

6. Gnó eile